Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Eacnamaíocht Bhaile

## Leabhrán Foghlaim Ghairmiúil

## 2022-2023

CC BY NC

# Clár Ábhair


Prótacail Zoom agus Sceideal an lae inniu 3

Ag Tacú le Foghlaim Scoláirí agus Nótaí 4

An bhfuil sé ar m'acmhainn? - Aonad Foghlama 5

Foghlaim agus Measúnú a Ailíniú – Treoracha maidir le Seomraí Scartha agus Sleamhnáin Google 6

Sleamhnáin Google agus Measúnú agus Foghlaim san Eacnamaíocht Bhaile 7

Mír Mheasúnaithe - Treoracha maidir le Seomraí Scartha agus Sleamhnáin Google 8

Machnamh ar 'Conas is fearr'is féidir le scoileanna pleanáil don mheasúnú, foghlaim agus teagasc' 9

Machnamh ar Sheisiún a hAon 10

Colúin ar Mheasúnú Foirmitheach agus Machnamh ar Mheasúnú Foirmitheach 11

Turas Scoláirí agus Aiseolas Foghlama 12

Piarphlé – Aiseolas ó Phiaraí Mentimeter 13

Modhanna Aiseolas Piaraí a Iniúchadh agus Straitéisí Aiseolas Piaraí a Iniúchadh 14

Straitéis Aiseolas Piaraí - ACT 15

Machnamh ar Aiseolas Piaraí a Éascú sa Seomra Ranga 16

Straitéis Aiseolas Piaraí – Súil Sprice 17

Machnamh ar 'Critéir Ratha a Chomhchruthú chun Cabhrú le hAiseolas Piaraí' agus Treoracha Bhalla Padlet do Sheomraí Scartha 18

Machnamh ar Aiseolas Piaraí ar Bhalla Padlet 19

Machnamh ar Sheisiún a Dó 20

Breithnithe nuair a bhíonn an Fhoghlaim agus Torthaí Foghlama á bPleanáil 21

Cur Chuige Bíseach agus Seicheamhú 22

Forléargas agus Treoracha Pleanála do Sheomraí Scartha agus Sleamhnáin Google 23

Sleamhnáin Google agus Machnamh ar Phleanáil - Treoracha maidir le Seomraí Scartha agus Sleamhnáin Google 24

Teimpléad Forléargas Pleanála 25

Sleamhnáin Google 26

Machnamh ar Sheisiún a Trí 27

Achoimre ar Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí 28

Torthaí Foghlama Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí 29

Briathra Gnímh Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí 30

Acmhainní Pleanála na hEacnamaíochta Baile 32

Príomhdhoiciméid: CNCM, CSS agus RO 33

Gluais de Théarmaí na hEacnamaíochta Baile 34

Gluais de Théarmaí na Sraithe Sóisearaí 35

# Prótacal Zoom

zoom

- Balbhaigh an maidhc nuair nach bhfuil tú ag labhairt
- Físeán ceamara ar siúl
- Níl fótagrafaíocht nó taifeadadh ceadaithe
- Úsáid an fheidhm chomhrá chun ceist a chur
- Úsáid ardaigh lámh chun ceist a chur
- Bí gníomhach, déan plé agus comhrá

# Amchlár an Lae

| | |
|---|---|
| **Seisiún 1** | **9:30 – 11:00** |
| **Sos** | **20 Nóiméad** |
| **Seisiún 2** | **11:20 – 13:00** |
| **Lón** | **Uair an Chloig** |
| **Seisiún 3** | **14:00 – 15:30** |

# Ag Tacú le Foghlaim an Scoláire




# Nótaí

# An bhfuil sé d’Achmhainn Agam? – Aonad Foghlama

<table>
<tr><td colspan="4">Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Aonad Foghlama<br>Pleanáil Roinne</td></tr>
<tr><td>Bliain: 2</td><td>Téarma: 3</td><td>Aonad: 7</td><td>Fad: 4 sheachtain</td></tr>
<tr><td colspan="4">Téama: An bhfuil sé d’acmhainn agam?</td></tr>
<tr>
<td colspan="2">Torthaí Foghlama<br><br>1.2 béilí agus sneaiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair & don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil & a mheasúnú<br>1.16 cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú<br>2.13 scileanna i dtuiscint airgeadais a chur i bhfeidhm chun buiséad a ullmhú agus a mheas don mhaireachtáil neamhspleách<br>2.7 na bealaí a shainaithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach<br><br>Briathra Gnímh<br><br>Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna<br><br>Cuir i bhfeidhm fáisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú<br><br>Sainaithin patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair</td>
<td>Príomhfhoghlaim<br><br>Eolas Tuiscint Scileanna Luachanna<br><br>• imscrúdaigh lóin tráchtála agus cothaitheacha a bhfuil móréilimh orthu (costas, luach cothaitheach)<br>• cad é buiséad?<br>• sainaithin modhanna le buiséadú a dhéanamh<br>• tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le buiséadú<br>• fiosraigh luach an buiséadú chun saol neamhspléach a chaitheamh<br>• ullmhaigh buiséad agus cuir san áireamh an leagan amach<br>• déan measúnú ar bhuiséad<br>• pleanáil, ullmhaigh, costáil, agus measúnaigh lón sláintiúil baile déanta<br>• aimsigh an costas agus déan comparáid idir é agus déan comparáid idir é agus earra tráchtála cosúil<br>• nósanna inbhunaithe nuair atá bia á roghnú agus á úsáid<br>• cuir i bhfeidhm próiseas na treorach le haghaidh dearadh do thasc (ag sainmhíniú an taisc; fiosraigh/déan taighde; smaointe a ghiniúint; féidearachtaí éagsula a fhorbairt; smaointe a bhronnadh ar dhaoine eile d’aiseolas; mínchóireáil ar oidis; an táirge a tháirgeadh; measúnú)</td>
<td>Measúnú<br><br>• Mol trí lón cothaitheach agus inbhunaithe oiriúnach do dhéagóir scoile. Pleanáil, ullmhaigh, costáil, agus measúnaigh ceann amháin do na loin molta agus déan comparáid idir é agus ceann tráchtála atá ar fháil<br>• …</td>
</tr>
</table>





Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ailíniú ar an bhFoghlaim agus an Measúnú Treoracha don Seomra Scartha

| | |
|---|---|
| **Téigh Isteach** | i seomra scartha, cuir an fhuaim agus na ceamairí ar siúl |
| **Faigh** | sleamhnáin Google Slides, ag obair le chéile, pléigí ailíniú ar an bhfoghlaim agus an measúnú, bain úsáid as an spreagadh |
| **Fill** | ar an bpríomhsheomra agus tabhair aiseolas ón seomra scartha |
| **Am** | 20 Nóiméad |

# Sleamhnán Google

1. Fiosraigh conas a fhorbraíonn an comhcheangailt seo do thorthaí foghlama eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna?

Click to add text

# Sleamhnán Google




# Measúnú agus Foghlaim san Eacnamaíocht Bhaile






Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Míreanna Measúnaithe
# Treoracha don Seomra Scartha

| | |
|---|---|
| **Téigh Isteach** | i seomra scartha, cuir an fhuaim agus na ceamairí ar siúl |
| **Faigh** | sleamhnáin Google, ag obair le chéile, dear agus dean taifead ar Mhíreanna Measúnaithe |
| **Fill** | ar an bpríomhsheomra agus tabhair aiseolas ón seomra scartha |
| **Am** | 20 Nóiméad |

# Sleamhnán Google

Dear earra measúnaithe a ailíneann leis an eochair fhoghlaim san aonad foghlama.

Click to add text

# Conas is fearr is féidir le scoileanna pleanail le haghaidh an mheasúnaithe, na foghlama agus an teagaisc?

Déan machnamh ar na heochar smaointe a ritheann leat ón gearrthóg físe:

# Machnamh Deireadh Seisiúin 1

Cad… é an phríomhfhoghlaim anseo?

Cad… iad na coincheapa atá á bhfiosrú?

Cad… a chiallaíonn sé seo domsa?

Conas a nasctar é seo le smaointe roimhe seo?

Anois cad… a chiallaíonn sé do mo chleachtas sa seomra ranga?



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Colún an Mheasúnaithe




# Machnamh ar an Aiseolas

Déan machnamh ar chonas a thacaíonn an measúnú foirmitheach le do chleachtais ranga…

Smaoinigh ar an ról atá ag an measúnú foirmitheach i bhfoghlaim do dhalta a thacú..

# Turas Foghlama an Scoláire




# Aiseolas

Sa mheasúnú in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannphháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

*(CNCM, Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí An tSonraíocht, 2017, lch. 18)*



# Piarphlé – Aiseolas Piaraí

‘Úsáidfidh an scoláire plé lena chomhscoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a obair féin agus chun aiseolas a thabhairt dá chomhscoláirí.’

*(CNCM, Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, 2019, lch. 17)*






# Mentimeter

Téigh go www.menti.com & bain úsáid as an cód ar an scáiléan.

Cad iad na bealaí éagsula a tharlaíonn aiseolas piaraí I do sheomra ranga?

# Déan Trácht ar Mhodhanna Measúnaithe Piaraí a Úsáideann tú















# Modhanna Aiseolas Piaraí a Iniúchadh



## Piarmheasúnú ag Úsáid Critéir Ratha

"... déanann na critéir ratha achoimre ar na **príomhchéimeanna** nó ar na **comhábhair** a theastaíonn ón scoláire chun an sprioc foghlama a chomhlánú – na príomhrudaí le déanamh, le cur san áireamh nó le díriú orthu."

**Shirley Clarke 2010**

**Leideanna**

**Príomhscileanna**
- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Mé féin a bhainistiú
- Cumarsáid
- A bheith liteartha

**Acmhainní**
- Clár Bán
- Is féidir iarthionscadail / iarthascanna srl a úsáid mar shamplaí

**Leagan amach an tseomra**

Ní gá leagan amach ar leith a úsáid. Chun an ghníomhaíocht a éascú áfach, cuirtear na scoláirí ina **ngrúpaí de 4**

**Measúnú**

Is féidir piarmheasúnú a úsáid chun an tionscadal a mheas bunaithe ar na critéir ratha.

Is féidir freisin na critéir ratha a úsáid mar chreat d'aiseolas an mhúinteora.

**Tacú le hobair bhaile**

Is féidir le scoláirí na critéir ratha a úsáid mar sheicliosta chun an tionscadal a chur i gcrích.

**Tuilleadh Eolais**

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie

Junior CYCLE for teachers

| | |
|---|---|
| WWW/EBI | Réalt & Staighre |
| ACT | Súil Sprice |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Peer Feedback Strategy
# TAG

| Success Criteria: |
| --- |
| |

| | |
| --- | --- |
| Tell me something you like… | |
| Ask a question… | |
| Give a suggestion for improvement… | |

# Machnamh ar Aiseolas Piaraí a hEascú i do Sheomra Ranga

Cad iad na hathruithe atá le déanamh agat i do sheomra ranga chun tacú le daltaí aiseolas piaraí a thabhairt agus a fháil?


Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Straitéis Aiseolas Piaraí
## Súil Sprice

Critéir Ratha:

Cén fáth?

Critéir Ratha:

Cén fáth?

Critéir Ratha:

Cén fáth?

Critéir Ratha:

Cén fáth?

Más amhlaidh go bhfuil sé bainte amach, tabhair 1.
Más amhlaidh go bhfuil obair fós le déanamh, tabhair 5.
Cuir scáth ar an súil sprice chun an scór a léiriú.
Tabhair cúis don fáth gur thug tú gach uimhir

Má tá an-chuid scáth ar do Shúil Sprice léiríonn sé duit cár ceart an fócas a chur an céad uair eile:


Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Critéir Ratha a Chomhchruthú chun Tacú le hAiseolas Piaraí

Déan machnamh ar na príomhpointí a ritheann leat agus tú ag breathnú ar an ngearrthóg físe:

# Aiseolas Piaraí – Balla Padlet

# Treoracha don Seomra Scartha

| | |
|---|---|
| **Téigh Isteach** | sa seomra scartha, breakout room, neamhbhalbhaigh agus cuir an ceamara ar siúl |
| **Oscail** | an Balla Padlet |
| **Plé** | na nodanna ar an mBalla Padlet agus déan taifead ar na freagraí |
| **Am** | 20 nóiméad |

# Machnamh ar an Aiseolas Piaraí – Balla Padlet

Deán machnamh ar an ról atá ag an gCritéir Ratha i dtacú le hAiseolas Piaraí.

Tús a chur leis an Aiseolas Piaraí bunaithe ar an gCritéir Ratha.

Na Céad Céimeanna eile le hAiseolas Piaraí bunaithe ar an gCritéir Ratha.

Ag Bogadh ar Aghaidh leis an Aiseolas Piaraí bunaithe ar an gCritéir Ratha.



Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Machnamh Deireadh Seisiúin a Dó

Cad… é an phríomhfhoghlaim anseo?

Cad… iad na coincheapa atá á bhfiosrú?

Cad… a chiallaíonn sé seo domsa?

Conas a nasctar é seo le smaointe roimhe seo?

Anois cad… a chiallaíonn sé do mo chleachtas sa seomra ranga?



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ag Breathnú ar Phleanáil don Fhoghlaim




# Torthaí Foghlama

'Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire san Eacnamaíocht Bhaile go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.'

*(CNCM, Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí an tSonraíocht, 2017, lch. 13)*

# Cur Chuige Bíseach

Timthriallach

Doimhneacht Méadaithe

Réamh Eolais



# Seicheamhú

| **Bliain a 1** | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh an Téarma | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 | Deireadh an Téarma | Aonad 7 | Aonad 8 | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid | | Roghanna Inbhunaithe Bia | | | | Béilí Clainne Sláintiúla | | | Conas a théann na roghanna bia & na nósanna maireachtála i bhfeidhm ar ár sláinte & folláine | | |
| Fad | | 4 Sheachtain | | | | 4 Sheachtain | | | 4 Sheachtain | | |
| Torthaí Foghlama | | 1.15, 2.5, 2.7 | | | | 1.6,1.9 2.2,2.3 | | | 1.13,1.6, 1.10,2.5, 1.2 | | |

| **Bliain a 2** | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh an Téarma | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 | Deireadh an Téarma | Aonad 7 | Aonad 8 | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid | | Níor Ghá go gCosnódh an Faisean an Domhan Mór | | | | Sneaiceanna Sláitiúla | | | An bhfuil sé de hachmhainn agam? | | |
| Fad | | 4 Sheachtain | | | | 4 Sheachtain | | | 4 Sheachtain | | |
| Torthaí Foghlama | | 3.8,2.7,3.7, 3.9,2.5 | | | | 1.18, 1.16,1.2, 2.5,1.19 | | | 1.2, 1.16, 2.13, 2.7 | | |

| **Bliain a 3** | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh an Téarma | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 | Deireadh an Téarma | Aonad 7 | Aonad 8 | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid | | Inbhuanacht - is fúm atá sé | | | | | | | | | |
| Fad | | 3 Sheachtain | | | | | | | | | |
| Torthaí Foghlama | | 2.7,2.8, 2.10.3, 1.16 | | | | | | | | | |

# Forléargas Pleanála



| Bliain a 1 | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh an Téarma | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 | Deireadh an Téarma | Aonad 7 | Aonad 8 | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid | | Roghanna Inbhunaithe Bia | | | | Béilí Clainne Sláintiúla | | | Conas a théann na roghanna bia & na nósanna maireachtá la i bhfeidhm ar ár sláinte & folláine | | |
| Fad | | 4 Sheachtain | | | | 4 Sheachtain | [illegible] | [illegible] | 4 Sheachtain | | |
| Torthaí Foghlama | | 1.15, 2.5, 2.7 | | | | 1.6,1.9 2.2,2.3 | [illegible] | [illegible] | 1.6, [illegible] | | |

| Bliain a 2 | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh an Téarma | Aonad 4 | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | Aonad [illegible] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid | | Níor Ghá go gCosnódh an Faisean an Domhan Mór | | | | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] |
| Fad | | 4 Sheachtain | | | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] |
| Torthaí Foghlama | | 3.8,2.7,3.7, 3.9,2.5 | | | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] |

| Bliain a 3 | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh an Téarma | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid | | Inbhuanacht - is fúm atá sé | | | | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | [illegible] | |
| Fad | | 3 Sheachtain | | | | | [illegible] | [illegible] | [illegible] | | |
| Torthaí Foghlama | | 2.7,2.8, 2.10.3, 1.16 | | | | | | [illegible] | [illegible] | | |

# Treoracha don Seomra Scartha

# Forléargas Pleanála

| | |
|---|---|
| **Téigh Isteach** | i seomra scartha, cuir an fhuaim agus na ceamairí ar siúl |
| **Oscail** | Sleamhnáin Google |
| **Líon** | an forléargas pleanála don chéad bhliain san Eacnamaíocht Bhaile |
| **Am** | 20 nóiméad |

# Sleamhnán Google

## Grúpa 1: Forléargas Pleanála 1ú Bhliain

| Bliain 1 | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh le Téarma 1 | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 | Deireadh le Téarma 2 | Aonad 7 | Aonad 8 | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid Foghlama | | | | | | | | | | | |
| Fad | | | | | | | | | | | |
| Torthaí Foghlama | | | | | | | | | | | |

37

# Treoracha don Seomra Scartha Machnamh ar an bPleanáil



| | |
|---|---|
| **Téigh Isteach** | i seomra scartha, cuir an fhuaim agus na ceamairí ar siúl |
| **Oscail** | an forléargas críochnaithe ar na Sleamhnáin Google |
| **Comhlíonaigh** | machnamh ar an bhForléargas pleanála agus na ceisteanna á leanúint ar na Sleamhnáin Google |
| **Am** | 20 nóiméad |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Teimpléad Forléargas Pleanála

| **Bliain 1** | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh le Téarma 1 | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 | Deireadh le Téarma 2 | Aonad 7 | Aonad 8 | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid Foghlama | | | | | | | | | | | |
| Fad | | | | | | | | | | | |
| Torthaí Foghlama | | | | | | | | | | | |

| **Bliain 2** | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh le Téarma 1 | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 | Deireadh le Téarma 2 | Aonad 7 | Aonad 8 | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid Foghlama | | | | | | | | | | | |
| Fad | | | | | | | | | | | |
| Torthaí Foghlama | | | | | | | | | | | |

| **Bliain 3** | Aonad 1 | Aonad 2 | Aonad 3 | Deireadh le Téarma 1 | Aonad 4 | Aonad 5 | Aonad 6 | Deireadh le Téarma 2 | Aonad 7 | Aonad 8 | Aonad 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Téama an Aonaid Foghlama | | | | | | | | | | | |
| Fad | | | | | | | | | | | |
| Torthaí Foghlama | | | | | | | | | | | |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Sleamhnán Google

1 Conas a chuireann ord na n-aonad foghlama i bhforléargas pleanála na chéad bhliana forbairt chéimseach foghlama chun cinn ?

Click to add text

2. An bhfuil aon bhearnaí i bhfoghlaim scoláirí a gcaithfí dul i ngleic leo?

Click to add text

3. Conas a d'fhéadfadh athruithe a rinne tú ar fhorléargas pleanála na chéad bhliana dul i bhfeidhm ar bhlianta ina dhiaidh sin?

Click to add text

# Machnamh Deireadh Seisiúin a Trí

Cad… é an phríomhfhoghlaim anseo?

Cad… iad na coincheapa atá á bhfiosrú?

Cad… a chiallaíonn sé seo domsa?

Conas a nasctar é seo le smaointe roimhe seo?

Anois cad… a chiallaíonn sé do mo chleachtas sa seomra ranga?

# Forbhreathnú ar Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

cc BY NC

**Aidhm:** Is é an aidhm atá i gceist in Eacnamaíocht Bhaile ná eolas, meonta, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt chun maireachtáil barr feabhais, fholláin agus inbhuanaithe a bhaint amach do gach duine mar dhuine aonair, agus mar bhall de theaghlaigh agus den tsochaí. Déanann an scoláire forbairt ar scileanna praiticiúla an scoláire maidir le hinniúlacht i gcúrsaí bia agus sláinte agus cinntí eolasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach acu ar a shláinte agus a fholláine mar dhuine aonair agus laistigh dá shochaí chomh maith. Cothaíonn Eacnamaíocht Bhaile acmhainneacht, nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus inniúlacht an scoláire mar thomhaltóir. Forbraíonn sé scileanna dearaidh agus teicstílí cruthaitheacha an scoláire. Déanann Eacnamaíocht Bhaile forbairt ar scoláire atá meabhrach ar an gcomhshaol agus atá dírithe ar shaol inbhuanaithe freagrach a chaitheamh.

**Snáithe 1**
**Bia, sláinte agus scileanna cistineacha**

Díríonn an snáithe seo ar scileanna bia, sláinte agus cistineacha an scoláire a fhorbairt. Cuirtear ar chumas an scoláire dearcadh sláintiúil agus caidreamh dearfach a fhorbairt le bia trí fhoghlaim phraiticiúil a thagann óna thaithí. Cuireann sé a thuiscint ar phrionsabail chothaithe, aiste bia agus sláinte i bhfeidhm chun stíl mhaireachtála shláintiúil a ghlacadh agus cinntí eolasacha a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar a shláinte agus a fholláine féin agus ar shláinte agus ar fholláine a theaghlaigh chomh maith. Tá cur i bhfeidhm scileanna praiticiúla maidir le tuiscint ar bhia agus sláinte ag croílár an tsnáithe seo agus cuimsítear ann pleanáil biachláir; siopadóireacht; cócaireacht; scileanna sábháilteachta agus sláinte bia; srianadh sciar; lipéid bhia a léamh; anailís cothaithe; costáil; anailís céadfach agus dramhaíl bhia.

**Snáithe 2**
**Saol teaghlaigh freagrach**

Sa snáithe seo éascaítear an scoláire chun saol teaghlaigh freagrach a fhiosrú, ó thaobh córas de. Tagann an scoláire ar thuiscint ar fhoirmeacha éagsúla teaghlaigh agus ar ról an teaghlaigh mar an príomhaonad sóisialta. Tagann sé ar thuiscint ar ról an teaghlaigh i bhforbairt an pháiste i dtimpeallacht shábháilte chothaitheach. Forbraíonn an scoláire scileanna saoil a chuireann ar a chumas acmhainní a bhainistiú go freagrach agus go hinbhuanaithe sa bhaile agus sa phobal. Éascaítear é chun bheith ina thomhaltóir géarchúiseach cumasach atá in ann scileanna éifeachtacha cinnteoireachta a chur i bhfeidhm sa saol laethúil sa bhaile agus sa phobal. Ag croílár an tsnáithe seo, cuirtear ar chumas an scoláire a bheith freagrach agus dearcadh báúil a ghlacadh i dtreo daoine eile, ball den teaghlach, i dtreo na sochaí agus an chomhshaoil.

**Snáithe 3**
**Teicstílí agus ceardaíocht**

Díríonn an snáithe seo ar scileanna an scoláire maidir le teicstílí a fhorbairt, ar chruthaitheacht agus ar eolas an scoláire. Tá scileanna praiticiúla teicstíle agus ceardaíochta ag croílár an tsnáithe seo agus cuimsítear leo scileanna fuála innill agus láimhe agus teicnící maidir le huigeacht ábhair a úsáid agus a mhaisiú. Is féidir leis an scoláire cinntí inbhuanaithe a dhéanamh mar thomhaltóir maidir le rogha agus cothú éadaí agus teicstílí. Cuirfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm trí mhír teicstíle a dhearadh agus a dhéanamh don duine aonair nó don teach.

**Gnéithe: Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh** Trasna na snáitheanna, díríonn na torthaí foghlama ar chur chuige bunaithe ar chórais i dtreo chumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh. Forbraíonn an scoláire scileanna praiticiúla ar féidir iad a chur in oiriúint chun déileáil le fadhbanna nó ábhair imní phraiticiúla, fíorshaoil, rialta sa saol laethúil sa bhaile nó sa tsochaí. Éascaítear é chun bheith ina smaointeoir criticiúil, cruthaitheach agus bheith go maith ag réiteach fadhbanna agus cinntí eolasacha á ndéanamh aige chun saol barr feabhais, sláintiúil agus inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí.

**Gnéithe: Sláinte agus folláine** Sa ghné seo dírítear ar eolas, scileanna agus tuiscint an scoláire a fhorbairt ionas go ndéanfaidh sé cinntí eolasacha a mbeidh tionchar dearfach acu ar a shláinte agus a fholláine féin mar dhuine aonair agus ar shláinte agus fholláine a theaghlaigh. Thar na trí shnáithe go léir éascaítear an scoláire, agus úsáid á bhaint as cur chuige bunaithe ar chórais, chun déileáil le hábhair imní nua a thagann chun cinn agus a fhéadann dul i bhfeidhm ar fholláine daoine aonair, teaghlach agus na sochaí.

**Gnéithe: Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe** Thar na trí shnáithe, éascaíonn na torthaí foghlama sa ghné seo an scoláire chun bheith ina smaointeoir a dhíríonn ar an todhchaí agus ina saoránach atá báúil don chomhshaol, agus iad geallta chun maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach a bhaint amach. Mar bhonn taca ag na torthaí foghlama sa ghné seo thar na trí shnáithe, déantar forbairt ar éifeachtúlacht an scoláire féin, ar a mhachnamh criticiúil, agus ar a thuiscint maidir le roghnú agus úsáid acmhainní sa bhaile; athrú teicneolaíoch; saincheisteanna comhshaoil agus an tionchar a bhíonn acu sin ar bhainistíocht acmhainní sa bhaile agus ar thomhaltas pearsanta sa saol ó lá go lá.

**Gnéithe: Inniúlacht tomhaltóirí** Sa ghné seo dírítear ar scoláire a fhorbairt a bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint aige chun roghanna eolasacha agus géarchúiseacha a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh i sochaí an lae inniu. Déanann an scoláire forbairt ar scileanna ríthábhachtacha chun a bheith ina thomhaltóir gníomhach, solúbtha, inniúil atá in ann scileanna éifeachtacha cinnteoireachta a chur i bhfeidhm sa saol laethúil.

# Torthaí Foghlama: Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

| | Snáithe 1<br>Bia, sláinte & scileanna cistineacha | Snáithe 2<br>Saol teaghlaigh freagrach | Snáithe 3<br>Teicstílí agus ceardaíocht |
|---|---|---|---|
| **Gné**<br>**Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh** | **1.1** na fachtóirí a shainaithint a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia pearsanta<br>**1.2** béilí agus sneaiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair & don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil & a mheasúnú<br>**1.3** raon de phrionsabail & teicnící cócaireachta a chur i bhfeidhm chun béilí sláintiúla a ullmhú don duine aonair agus don teaghlach & cúrsaí buiséid á gcoimeád i gcuimhne chomh maith<br>**1.4** scileanna cistineacha agus cruthaitheacha a thaispeáint maidir le hullmhú, cócaireacht agus cur i láthair bia<br>**1.5** cleachtais shábháilte agus shláinteacha a chur i bhfeidhm maidir le láimhseáil, ullmhú, stóráil agus riar bia<br>**1.6** úsáid a bhaint as cur chuige foghlama bunaithe ar fhadhbanna, eolas cothaitheach a chur i bhfeidhm chun bia a phleanáil agus a ullmhú don teaghlach<br>**1.7** úsáid a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil maidir le pleanáil agus ullmhú bia | **2.1** cineálacha éagsúla teaghlach a phlé<br>**2.2** róil agus freagrachtaí an teaghlaigh a fhiosrú<br>**2.3** caidrimh teaghlaigh a phlé chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le caidrimh a neartú idir daoine aonair agus teaghlaigh | **3.1** teicnící bunúsacha fuála láimhe agus innill a thaispeáint<br>**3.2** próiseas agus prionsabail na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle chruthaitheach a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach<br>**3.3** teicnící bunúsacha fuála láimhe agus/ nó innill a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach ar bhealach sábháilte agus oiriúnach<br>**3.4** teicnící maisithe fabraice a thaispeáint |
| **Gné**<br>**Sláinte agus folláine** | **1.8** na gnéithe de nós maireachtála sláintiúil a phlé<br>**1.9** an tábhacht a bhaineann le cothú agus aiste bia ó thaobh na sláinte agus na folláine a aithint<br>**1.10** ról na gcothaitheach in aiste bia sláintiúil cothrom a mhíniú<br>**1.11** cur síos a dhéanamh ar struchtúr bunúsach agus ar fheidhmeanna bunúsacha an chórais díleá<br>**1.12** na riachtanais chothaitheacha ag gach céim den tsaolré a iniúchadh<br>**1.13** béilí a phleanáil agus a ullmhú dóibh siúd a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia orthu<br>**1.14** riachtanais chothaitheacha daoine atá ar aiste bia speisialta a chur i bhfeidhm agus béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú | **2.4** na riachtanais timpeallachta baile atá sábháilte agus cothaitheach a phlé<br>**2.5** an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh sa saol laethúil a mheas<br>**2.6** na prionsabail agus treoirlínte dearaidh a chur i bhfeidhm chun seomra a phleanáil agus an taobh istigh de sheomra a dhearadh | **3.5** léirthuiscint a fháil ar ról teiripeach agus fóillíochta na hoibre teicstíle |
| **Gné**<br>**Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe** | **1.15** tionchar a chuid roghanna bia ó thaobh na héiceolaíochta agus na heitice a iniúchadh<br>**1.16** cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú | **2.7** na bealaí a shainaithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach<br>**2.8** cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh<br>**2.9** tionchar na teicneolaíochta ar láimhseáil acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a fhiosrú | **3.6** bealaí inar féidir míreanna éadaí agus/ nó teicstíle sa teach a dheisiú, a athúsáid, a úsáid ar bhealach nua, a athchúrsáil agus a uaschúrsáil a thaispeáint<br>**3.7** nósanna imeachta cúraim teicstíle a úsáidtear sa teach a mheasúnú ó thaobh an chomhshaoil de<br>**3.8** tionchair treochtaí agus roghanna ar theicstílí agus éadaí a phlé, agus cúrsaí eitice agus éiceolaíochta á gcur san áireamh |
| **Gné**<br>**Inniúlacht tomhaltóirí** | **1.17** comparáid a dhéanamh idir bianna a úsáidtear go coitianta in ullmhú bia agus ar an éifeacht a bhíonn acu ar cháilíocht chothaitheach agus chéadfach an táirge<br>**1.18** táirgí bia tráchtála agus baile a mheasúnú<br>**1.19** an t-eolas a fhaightear ar rogha leathan táirgí bia a léirmhíniú agus úsáid á baint as lipéid bhia ar aghaidh agus ar chúl an phacáiste bia | **2.10** scileanna cinnteoireachta tomhaltóra a chur i bhfeidhm chun acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a láimhseáil don saol laethúil<br>**2.11** díospóireacht a dhéanamh faoi chearta agus freagrachtaí<br>**2.12** scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tomhaltóirí in Éirinn cosanta ag reachtaíocht, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla<br>**2.13** scileanna i dtuiscint airgeadais a chur i bhfeidhm chun buiséad a ullmhú agus a mheas don mhaireachtáil neamhspleách | **3.9** eolas faoi shiombailí cúraim teicstílí a chur i bhfeidhm |





Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Briathra GNÍMH

**Anailísigh**
staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

**Cuir i bhfeidhm**
faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

**Léirthuiscint a bheith ag... do...**
brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud

**Meas**
saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

**Rangaigh**
rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta

**Déan comparáid**
cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó chás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd

**Cuir i gcrích**
rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil

**Déan**
gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi

**Meas (cuimhnigh ar ...)**
cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil

**Cuir le chéile**
eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh

**Tiontaigh**
athrú go foirm eile

**Cruthaigh**
rud nua a dhéanamh nó a thabhairt chun saoil

**Déan díospóireacht**
cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil

**Taispeáin**
rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil

**Cuir síos**
pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú

**Faigh amach**
rud a chinntiú nó a dhearbhú go beacht trí thaighde nó trí ríomh

**Forbair**
dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta

**Ceap**
nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh

**Dealaigh**
an fáth a bhfuil rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach

**Pléigh**
athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí

**Idirdhealaigh**
na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Briathra GNÍMH

**Measúnaigh (sonraí)**
sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)**
fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Scrúdaigh**
argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste

**Mínigh**
mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

**Fiosraigh**
dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh

**Sainaithin**
patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

**Léirmhínigh**
eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

**Iniúch**
breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

**Cosain**
cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

**Ullmhaigh**
rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair

**Cuir i láthair**
smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú

**Mol**
plean nó smaoineamh a chur chun tosaigh lena mheas

**Aithin**
fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) a shainaithint chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint

**Mol (comhairligh)**
rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir áirithe

**Ceangail**
rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt

**Luaigh**
ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta

**Tabhair le fios**
réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh

**Tuig**
corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm

**Úsáid**
eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh

**Deimhnigh**
fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis

JuniorCYCLE for teachers

## Acmhainní Pleanála

## Tacaí a d’fhéadfadh a bheith úsáideach duit:

Ag Pleanáil
Físghabháil Scáileáin

Ag Pleanáil don bhFoghlaim
ag Úsáid Torthaí Foghlama

Roghanna Leagan Amach
don Aonad Foghlama

Aonad Foghlama Idirghníomhach
Teimpléad Pleanála

Torthaí Foghlama a Iniúchadh

Scanáil nó brú ar an gcód MF chun teacht ar an doiciméad



Scanáil nó brú ar an gcód MF chun teacht ar an doiciméad

# CNCM Príomhdhoiciméid




Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Sonraíocht



Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe



CNCM Míreanna Measúnaithe Samplacha agus Samplaí d'Obair



Socruithe athbhreithnithe maidir le MRBanna Méan Fómhair 2022




Cláir Foghlama Leibhéal 2 Treoirlínte do Mhúinteoirí

# CSS Príomhdhoiciméid




Scrúdú na Sraithe Sóisearaí Eacnamaíocht Bhaile Scrúdú Scileanna Inniúlachta Bia




Scrúdú na Sraithe Sóisearaí Eacnamaíocht Bhaile Scrúdú Scileanna Inniúlachta Bia Tascanna 2023



Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí Páipéar Eacnamaíocht Bhaile

# RO Príomhdhoiciméid



Ciorclán uimhir: 0017/2020 Treoir ar Phróiseas na Sraithe Sóisearaí um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair



Ciorclán uimhir: 0059/2021**:**

**S**ocruithe le haghaidh

Chur Chun Feidhme an

Chreata don tSraith

Cliceáil ar na híomhánna chun teacht ar na doiciméid.



Cliceáil ar na híomhánna chun teacht ar na doiciméid.

# Gluais Téarmaí Eacnamaíocht Bhaile

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí a shoiléiriú, chun cabhrú leis an múinteoir agus leis an scoláire an chaoi a léirmhínítear na téarmaí agus a n-úsáidtear iad a thuiscint.

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| **Próiseas na treorach le haghaidh dearadh** | Úsáidtear treoir oscailte chun breac-chuntas a thabhairt ar riachtanais taisc áirithe. Bheadh an treoir rialta agus machnamhach go hidéalach agus d'fhéadfadh go mbeadh na céimeanna seo a leanas i gceist: an fhadhb/tasc a shainmhíniú; iniúchadh/taighde; smaointe a ghiniúint; réitigh fhéideartha a fhorbairt; smaointe a chur i láthair daoine eile i gcomhair aiseolais; an dearadh a bheachtú; an táirge a dhéanamh; measúnú. |
| **Litearthacht bia** | Baineann sé seo leis an eolas, na scileanna, na dearcthaí agus an iompraíocht idirghaolmhar a theastaíonn chun bia a phleanáil, a ullmhú agus a chócaráil. |
| **Fadhbanna Praiticiúla Rialta** | Is ábhair imní iad na fadhbanna praiticiúla rialta a théann ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh, go háitiúil agus go domhanda, a dteastaíonn gníomh machnamhach agus scileanna cinnteoireachta criticiúla agus léiritheacha chun iad a réiteach. |
| **Cur Chuige Bunaithe ar Chórais** | I gcur chuige bunaithe ar chórais scrúdaítear idirghaolmhaireacht na gcomhthéacsanna seachas aon staid amháin a scrúdú ann féin. Cuimhnítear ar chomhthéacsanna iolracha a mbíonn tionchar acu ar chastacht an tsaoil agus ar shaol an teaghlaigh san aonú haois is fiche. |
| **Scileanna cócaireachta** | Is éard atá i gceist le scileanna cócaireachta ná na scileanna agus an t-eolas chun béile/táirge a phleanáil, a ullmhú, a chur i gcrích agus a mheas. |
| **Galair a bhaineann le haiste bia** | Is ionann galair a bhaineann le haiste bia (nó galair ainsealacha a bhaineann le cothú bia) agus galair a thagann chun cinn mar gheall ar aiste bia nach réitíonn le moltaí cothaithe forleathana. Is samplaí de ghalair ainsealacha iad murtall, diaibéiteas, galar cardashoithíoch, oistéapóróis agus galar fiacla. |
| **Riachtanas speisialta cothaithe** | Cé nach bhfuil sainmhíniú cinnte ann, d'fhéadfaí a rá gur daoine a bhfuil 'riachtanas speisialta cothaithe' acu iad na daoine a dtugtar comhairle dóibh nó a roghnaíonn gan glacadh le moltaí cothaithe forleathana. D'fhéadfadh sé seo tarlú ar chúiseanna leighis (m.sh. galar céiliach, ailléirgí bia, éadulaingt ar bhia, galar putóige athlastaí) nó ar chúiseanna nach mbaineann le leigheas (m.sh. aistí bia veigeatóracha, cúiseanna reiligiúnacha nó cultúrtha). |

(CNCM, Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, 2017, lch.27)

# Gluais Téarmaí na Sraithe Sóisearaí

| | |
|---|---|
| **Measúnú Rangbhunaithe (MRB)** | Is é an chaoi is fearr cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Leagtar amach na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta chun tacú le breithiúnas an mhúinteora. Cé go bhfuil an measúnú cosúil le measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar obair an scoláire a eascraíonn as an Measúnú Rangbhunaithe don chruinniú Athbhunaithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. |
| **Gnéithe Cáilíochta** | Cabhraíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas múinteoirí agus scoláirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun na píosaí de shaothar scoláirí a mheas. |
| **Measúnú Foirmitheach** (Creat lch. 31-32) | Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an tslí ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-eolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach. Trí úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint. Chun éascú a dhéanamh ar an gcineál foghlama atá beartaithe thuas, tiocfaidh ról an mhúinteora agus an dinimic a bhaineann leis an gcaidreamh múinteoir is scoláire chun cinn. Leagfaidh múinteoirí béim bhreise ar an measúnú a chomhtháthú ina dteagasc ionas go mbeidh ar a gcumas monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí san fhoghlaim agus tuiscint a fháil ar an tslí inar féidir leo tacú le scoláirí chun machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin. |
| **Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)** (Creat lch. 48) | I PGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achar uile na foghlama de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid tosaíochta foghlama, achair fhoghlama eile. Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach, Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-áirítear torthaí ó na scrúduithe stát-theistithe agus ó na Tascanna Measúnachta. Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag PGSS. Beidh sé curtha le chéile ag an scoil agus faighte ag na scoláirí san Fhómhar I |

| | |
|---|---|
| | ndiaidh na triú bliana, nuair a bhíonn torthaí uile an mheasúnaithe ón CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe. |
| **Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)** (Creat lch. 41) | I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí. Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair dírithe ar ábhar ar leith agus díreofar ar an Measúnú Rangbhunaithe a bheidh déanta ag an mbliainghrúpa ar leith. |
| **Critéir Ratha** (CNCM Gluais) | Tá critéir rathúlachta nasctha le cuspóirí foghlama. Forbraíonn an múinteoir agus/nó an scoláire iad agus déantar cur síos ar rath agus céard atá i gceist leis. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim an scoláire. |
| **Measúnú Suimitheach** (CNCM Gluais) | Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun foghlaim an scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó na tréimhse foghlama. An aidhm atá leis ná achoimre a thabhairt ar ghnóthachtálacha an scoláire agus fáil amach cibé ar léirigh an scoláire tuiscint maidir leis an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir rathúlachta nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe agus cé chomh mór is a léirigh sé an tuiscint sin. |
| **Intinní Foghlama agus Torthaí Foghlama** (CNCM Gluais) | **Intinní Foghlama:** Is éard is intinní foghlama le haghaidh ceachta nó sraith ceachtanna ná ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, ina ndéantar cur síos go soiléir ar céard is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag an scoláire, a thuigfeadh sé agus a bheadh sé in ann a dhéanamh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.<br>**Torthaí Foghlama:** Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama. |
| **Aonad Foghlama** | In Aonad Foghlama, nasctar torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir céard is mian leis an múinteoir a bheadh a fhios ag na scoláirí, a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc. |

Tuilleadh eolais agus acmhainní ar fáil ar an suíomh gréasáin: www.jct.ie